

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1698 ÓN gCOIMISIÚN**an 6 Meán Fómhair 2023**

maidir le húdarú ullmhóide de dhéfhormáit photaisiam a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cránacha (sealbhóir an údaráithe: ADDCON Europe GmbH) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 104/2010

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 déantar foráil maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta i leith an t-údarú sin a dheonú agus a athnuachan.
- (2) Le Rialachán (AE) Uimh. 104/2010 ón gCoimisiún ⁽²⁾ údaraíodh ullmhóid de dhéfhormáit photaisiam ar feadh 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cránacha.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach chun údarú na hullmhóide de dhéfhormáit photaisiam a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cránacha i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin zóiteicniúla' agus san fheidhmghrúpa 'breiseáin zóiteicniúla eile (feabhas ar pharaiméadair zóiteicniúla)'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) den Rialachán sin ag gabháil leis an iarratas.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sna tuairimí uaidh an 29 Eanáir 2020 ⁽³⁾ agus an 18 Samhain 2020 ⁽⁴⁾ go bhfuil an ullmhóid de dhéfhormáit photaisiam fós sábháilte do chránacha, do na tomhaltóirí agus don chomhshaol faoi na coinníollacha úsáide a údaraítear faoi láthair. D'athdhearbhaigh sé freisin nach bhfuarthas aon éifeacht a mbeadh bearta sonracha cosanta d'úsáideoirí riachtanach ina leith, cé is moite de ghreannú féideartha súl.
- (5) I gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (c), de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾, ba é meas na Saotharlainne Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas sa mheasúnú roimhe seo bailí agus infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair. Ina theannta sin, an 28 Aibreán 2023 d'fhoilsigh an tSaotharlann tagartha aguisín a ghabhann leis an tuarascáil mheastóireachta uaidh, ar aguisín é lena dtugtar a moltaí cothrom le dáta maidir leis na modhanna anailíse chun défhormáit photaisiam (mar chion iomlán d'aigéad formach) sa bhreiseán beathaithe, sa réamh-mheascáin agus sa bheatha chumaisc a chinneadh, agus chun cion iomlán an photaisiam sa bhreiseán beathaithe a chinneadh.
- (6) Soláthraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 104/2010 tuairisc ar an bhfeidhmghrúpa 'breiseáin zóiteicniúla eile (feabhas ar pharaiméadair zóiteicniúla)'. Mar sin féin, chun comhsheasmhacht leis an gcur chuige atá ann faoi láthair maidir le húdarú breiseán a bhaineann le feidhmghrúpa na mbreiseán zóiteicniúil eile a áirithiú, is iomchuí feidhm an bhreiseáin, is é sin feabhas a chur ar pharaiméadair feidhmíochta cránacha, a shonrú tuilleadh.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 104/2010 ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2010 maidir le húdarú défhormáite potaisiam mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cránacha (sealbhóir an údaráithe BASF SE) agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1200/2005 (IO L 35, 6.2.2010, lch. 4).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2020;18(2):6024.

⁽⁴⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2020;18(12):6339.

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgaí agus cúraimí Shaotharlann Tagartha an Chomhphobail i ndáil le hiarratais ar údaruithe breiseán beathaithe (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8).

- (7) Léirítear sa mheasúnú ar an ullmhóid de dhéfhormáit photaisiam go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan.
- (8) Measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáideoirí an bhreiseáin. Ba cheart na bearta cosanta sin a bheith gan dochar do cheanglais eile sábháilteachta oibrithe faoi dhlí an Aontais.
- (9) Ós rud é nach gceanglaítear, ar chúiseanna sábháilteachta, go gcuirfear na modhnuithe ar na coinníollacha maidir le húdarú na hullmhóide lena mbaineann i bhfeidhm láithreach, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as athnuachan an údaráithe a chomhlíonadh.
- (10) Mar thoradh ar údarú na hullmhóide de dhéfhormáit photaisiam a athnuachan mar bhreiseán beathaithe, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 104/2010 a aisghairm.
- (11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Athnuachan an údaráithe

Maidir le húdarú na hullmhóide de dhéfhormáit photaisiam, ar ullmhóid í a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin zóiteicniúla' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'breiseáin zóiteicniúla eile (feabhas ar pharaiméadair feidhmíochta)', déantar an t-údarú sin a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Rialachán (AE) Uimh. 104/2010 a aisghairm

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 104/2010.

Airteagal 3

Bearta idirthréimhseacha

1. An ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn agus na réamh-mheascáin ina bhfuil an tsubstaint sin, ar nithe iad a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 27 Márta 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 27 Meán Fómhair 2023, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.
2. An bheatha chumaisc agus na hábhair bheatha ina bhfuil an ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn, ar nithe iad a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 27 Meán Fómhair 2024, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 27 Meán Fómhair 2023, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
						mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir na mbreiseán zóiteicniúil. Feidhmghrúpa: breiseáin zóiteicniúla eile (feabhas ar pharaiméadair feidhmíochta)									
4d800	ADDCON Europe GmbH	Défhormáit photaisiam	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Ullmhóid de dhéfhormáit photaisiam, íoschion 98 % Úaschion sileacáite 1,5 % Úaschion uisce 0,5 % Foirm sholadach <i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Défhormáit photaisiam, sholadach KH(COOH)₂ Uimh. CAS 20642-05-1 <i>Modh anailíse ⁽¹⁾</i> Maidir le défhormáit photaisiam (mar chion iomlán d'aigéad formach) sa bhreiseán beathaithe, sna réamh-mheascáin agus sa bheatha chumaisc a chinneadh: crómatagrafaíocht iain le brath seoltachta (IC-CD) – EN 17294. Maidir le cion iomlán an photaisiam sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: — speictriméadracht ionsaithe adamhaigh (AAS) – EN ISO 6869; nó	Cránacha	–	10 000 ⁽²⁾	12 000 ⁽³⁾	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 2. Is é 12 000 mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % an t-uaschion de dhéfhormáit photaisiam a bheidh ann le haghaidh cránacha, cibé acu an úsáidtear as féin í mar bhreiseán zóiteicniúil nó i gcomhcheangal le foinsí eile défhormáite potaisiam. 3. Ní rachaidh an meascán d'fhoinsí éagsúla aigéid fhormaigh thar an uasleibhéal ceadaithe, is é sin 10 000 mg aigéad formach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %. 4. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.	an 27 Meán Fómhair 2033

			— speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach (ICP-AES) – EN 15510.					5. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin, an réamh-mheascáin agus an ábhair beatha, sonrófar an méid seo a leanas: 'Is fritásctha é úsáid chomhuaineach a bhaint as aigéid orgánacha éagsúla nó as a salainn i gcás ina mbaintear úsáid as ceann amháin nó níos mó díobh ag leibhéal an uaschion is ceadmhach nó i ngar dó'. 6. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta do na súile a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	
--	--	--	---	--	--	--	--	--	--

(¹) Tá sonraí na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

(²) Is ionann 10 000 mg/kg défhormáit photaisiam agus 6993 mg/kg mar aigéad formach.

(³) Is ionann 12 000 mg/kg défhormáit photaisiam agus 8391 mg/kg mar aigéad formach.